Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2025
(OR. en)

16201/25

LIMITE

AG 189
BETREG 47

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le simpliú agus rialáil níos fearr |

1. Áirítear i gclár oibre an Choimisiúin do 2025, a thíolaic an Coimisiún i mí Feabhra 2025, clár oibre cur chun feidhme agus simpliúcháin darb aidhm reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a shimpliú trí shraith tograí reachtacha Omnibus chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais. D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an aidhm sin sna conclúidí uaithi i mí Dheireadh Fómhair 2025 trí thathant ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí ró-rialáil agus tabhairt isteach ualaí riaracháin nua a sheachaint.

2. Sa chomhthéacs sin, thíolaic an Uachtaránacht dréachtchonclúidí maidir le hiarmhairtí eacnamaíocha reachtaíocht an Aontais ag an gcruinniú a bhí ag Meitheal Antici an 18 Samhain 2025. Tar éis comhairliúchán i scríbhinn agus seisiún tuairimíochta ina dhiaidh sin maidir leis na dréachtchonclúidí athbhreithnithe, tháinig Meitheal Antici ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs an 2 Nollaig 2025 agus chomhaontaigh sí é a chur ar aghaidh chuig Coreper agus chuig an gComhairle lena fhormheas.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, agus a iarraidh ar an gComhairle é a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

PUBLIC

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE SIMPLIÚ AGUS RIALÁIL NÍOS FEARR**

PUBLIC

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT an ról atá ag reachtaíocht an Aontais maidir le beartais an Aontais a bhaint amach, *inter alia* trí chearta na saoránach a chosaint, sláindáil oibrithe a chosaint, rathúnas, cuimsiú, comhionannas agus fás inbhuanaithe a áirithiú, chomh maith le rialacha agus nósanna imeachta a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát, rud atá ríthábhachtach don Mhargadh Aonair.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na barúlacha i dtuarascáil Draghi 2024 gur féidir le rialacha an Aontais castacht gan ghá agus maorlathas gan údar a chruthú i gcásanna áirithe lena gcuirtear bac ar iomaíochas na hEorpa, go bhfuil an stoc reachtaíochta fós mór agus go bhfuil sreabhadh na reachtaíochta nua san Aontas ag fás níos tapúla ná mar atá i ngeilleagair inchomparáide eile, agus freisin nach raibh ach tionchar teoranta ag na hiarrachtaí chun an stoc chomh maith leis an sreabhadh a laghdú go dtí seo.

3. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Deireadh Fómhair 2025, ina n-athdhearbhaítear go bhfuil géarghá le clár oibre uaillmhianach cothrománach maidir le simpliú agus rialáil níos fearr a chur chun cinn ar gach leibhéal gan an bonn a bhaint d’intuarthacht, de spriocanna beartais, d’ardchaighdeáin agus de shláine an Mhargaidh Aonair. Iarrann siad freisin go ndéanfaí iarrachtaí chun ualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe ar ghnólachtaí agus ar údaráis phoiblí a laghdú go mór, mar ábhar práinne, agus tathantaíonn siad ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí ró-rialáil agus tabhairt isteach ualaí riaracháin nua nach bhfuil údar leo a sheachaint, go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (‘FBManna’), le linn an phróisis reachtaigh agus cur chun feidhme ar gach leibhéal agus iarrann siad féinsmacht reachtach agus rialála i gcomhréir le cur chuige ‘simplíocht trí dhearadh’.

4. CUIREANN SÍ IN IÚL AN ATHUAIR go bhfuil sí freagrach, in éineacht leis an gCoimisiún agus an Pharlaimint as reachtaíocht de chuid an Aontais ar ardcháilíocht a thabhairt i gcrích, agus a áirithiú go ndíríonn reachtaíocht den sórt sin ar na réimsí ina bhfuil an breisluach is mó ann do shaoránaigh na hEorpa, go bhfuil an reachtaíocht sin chomh héifeachtúil agus chomh héifeachtach agus is féidir a mhéid a bhaineann le comhchuspóirí beartais an Aontais a thabhairt i gcrích, go bhfuil sí chomh simplí agus chomh soiléir agus is féidir, go seachnaítear inti rórialáil agus ualaí riaracháin gan údar do shaoránaigh, do ranna riaracháin agus do ghnóthaí, go háirithe ('FBManna'), agus go bhfuil sí ceaptha d'fhonn cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm praiticiúil a éascú mar aon le cumas iomaíochta agus inbhuanaitheacht gheilleagar an Aontais a neartú.

5. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí an Choimisiúin trí na pacáistí Omnibus simpliúcháin chun an stoc carntha ualaí ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh a laghdú, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar thiomantas na Comhairle leanúint ar aghaidh leis an obair gan mhoill.

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thiomanta atá sí do na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, lena n-áirithítear prionsabail na reachtóireachta trédhearcaí, fianaise-bhunaithe agus cuimsithí.

<u>**Faireachán ar na costais agus na tairbhí ó shreabhadh na reachtaíochta nua san Aontas**</u>

7. MEASANN SÍ gur gá iarrachtaí Omnibus maidir le simpliú a chomhlánú agus iarracht á déanamh faireachán a dhéanamh ar ualaí gan údar ó shreabhadh na reachtaíochta nua san Aontas agus iad a laghdú, agus dearadh na reachtaíochta nua a dhéanamh níos spriocdhírithe agus níos éifeachtaí, agus an leas is mó is féidir a bhaint as na tairbhí soiléire a bhaineann léi ag an am céanna.

8. ÁITÍONN SÍ nach ndéantar faireachán faoi láthair ach ar na hualaí a eascraíonn as costais riaracháin agus choigeartaithe na dtograí reachtacha aonair, seachas ar na costais agus na tairbhí comhiomlánaithe a bhaineann le sreabhadh na reachtaíochta nua san Aontas.

9. AONTAÍONN SÍ, d'fhonn faireachán níos fearr a dhéanamh ar na costais riaracháin agus choigeartaithe a eascraíonn as sreabhadh na reachtaíochta nua san Aontas, go ndéantar an méid seo a leanas:

   (a) uair amháin in aghaidh an tseimeastair, tugann an Uachtaránacht forléargas nuashonraithe ar na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta, rialála agus eile chomh maith leis na costais riaracháin agus choigeartaithe do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí ó thograí atá faoi chaibidil faoi láthair.

(b) Bunaithe ar an bhforléargas sin, pléann an Chomhairle, ina foirmíochtaí ECOFIN agus COMPET, na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus rialála agus na costais chomhiomlána riaracháin agus choigeartaithe do ghnólachtaí, do shaoránaigh agus do riaracháin phoiblí, ar leibhéal an Aontais freisin, ó reachtaíocht an Aontais atá beartaithe, gan dochar d'inniúlachtaí fhoirmíochtaí eile na Comhairle.

(c) Cuirfidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an plé sin san áireamh, go háirithe sa phlé a bheidh aici maidir le simpliú agus maidir le clársceidealú reachtach.

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún rannchuidiú leis an méid thuas, ag tógáil ar an taithí a fuarthas roimhe seo ó na Suirbhéanna Bliantúla ar an Ualach agus ar an gcur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach', chomh maith leis an bprionsabal 'ceann amháin isteach, 27 amach'.

PUBLIC

**<u>Measúnú tionchair le linn an phróisis reachtaigh</u>**

11. MEASANN SÍ GUR DEN RÍTHÁBHACHT iad measúnuithe tionchair ardcháilíochta ar thograí reachtacha nua, lena n-áirítear measúnuithe cainníochtúla críochnúla ar chostais agus ar thairbhí do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'údaráis phoiblí sna Ballstáit, chun reachtóireacht níos fearr a bhaint amach.

12. ÁITÍONN SÍ go bhfuil measúnú tionchair ag gabháil le formhór na dtograí reachtacha a meastar go mbeidh tionchair shuntasacha acu, ach uaireanta ní bhíonn ach meastacháin pháirteacha ag gabháil leo.

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnuithe tionchair críochnúla a dhéanamh go comhsheasmhach ar na tograí reachtacha a mheastar a mbeidh tionchair shuntasacha eacnamaíocha, chomhshaoil nó shóisialta acu bunaithe ar chritéir dhea-shainithe d'fhonn spriocanna beartais an Aontais a bhaint amach go héifeachtach agus go héifeachtúil agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann le sreabhadh na reachtaíochta nua san Aontas, agus aird chuí á tabhairt ar na tionchair éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht an Aontais i gcórais dlí na mBallstát, ar réigiúin lena n-áirítear staid shonrach na réigiún is forimeallaí, ar na Ballstáit Oileánacha, agus ar straitéisí macraireigiúnacha atá ann cheana agus atá ar na bacáin, agus ar chearta bunúsacha ar fud an Aontais. AITHNÍONN SÍ acmhainneacht na n-uirlisí digiteacha maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchair reachtaíocht an Aontais.

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ‘tástáil ar iomaíochas’ a áireamh sna measúnuithe tionchair dá chuid, i gcás inarb ábhartha, arb é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar thionchar na reachtaíochta atá beartaithe ar iomaíochas ghnólachtaí na hEorpa, go háirithe FBManna.

15. AITHNÍONN SÍ gur féidir méadú teacht ar chostais riaracháin agus choigeartaithe chomh maith le hualaí rialála eile a bhaineann le reachtaíocht an Aontais le linn an phróisis reachtaigh.

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na sonraí, na toimhdí agus na modheolaíochtaí uile a úsáidtear sna measúnuithe tionchair dá chuid a chomhroinnt chomh maith le faisnéis maidir le tríú páirtithe a bhfuil baint acu leis an bpróiseas ullmhúcháin, agus tús áite á thabhairt do chomhairliúcháin phoiblí seachas do chomhairliúcháin *ad hoc*. I gcás faisnéis íogair, ba cheart sásraí iomchuí le haghaidh tarchuir a chur i bhfeidhm le comhreachtóirí.

**<u>Ualaí a eascraíonn as reachtaíocht thánaisteach agus as cur chun feidhme tánaisteach a laghdú</u>**

17. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go n-eascraíonn castacht reachtaíocht an Aontais agus na costais riaracháin agus choigeartaithe a thagann as sin do ghnólachtaí agus d’údaráis phoiblí as úsáid iomarcach gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme.

18. MEASANN SÍ GUR GÁ na roghanna polaitiúla bunriachtanacha uile a bheith i ngníomhartha reachtacha (leibhéal 1), gur cheart iad a bheith soiléir maidir le cuspóirí chun gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, agus gur cheart níos lú de na cumhachtuithe sin a sholáthar leo, i gcás inarb indéanta agus inar gá. I gcás inarb ábhartha, ba cheart a áireamh sa mheasúnú tionchair bunúsach arna dhéanamh ag an gCoimisiún réamh-mheasúnú ar an ngá atá le gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun soiléireacht dhlíthiúil agus intuarthacht dhlíthiúil a áirithiú.

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gan gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh ach amháin i gcás inar gá agus inarb iomchuí, chun údar a thabhairt lena roghanna sna gníomhartha reachtacha ar a bhfuil siad bunaithe, agus staonadh ó chostais agus ualaí nua a thabhairt isteach nach sainordaítear go sainráite leis na gníomhartha reachtacha sin.



PUBLIC

20. ÁITÍONN SÍ gur cheart gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a bheith dírithe, comhréireach agus de chineál teicniúil, laistigh de pharaiméadair na gcumhachtuithe, agus gur cheart gnéithe bunriachtanacha réimse a fhorchoimeád don ghníomh reachtach agus, dá réir sin, nár cheart iad a bheith faoi réir tarmligean cumhachta.

21. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tús a chur le gníomhartha tarmligthe agus le gníomhartha cur chun feidhme agus má tá an méid sin déanta cheana féin, iarrann sí air leanúint ar aghaidh leo agus iad a thabhairt i gcrích, agus an tosaíocht a d'fhógair sé dóibh á léiriú aige.

22. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá roinnt gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme ar mhaithe le soiléireacht, treoir agus cur chun feidhme rianúil na reachtaíochta bunúsaí. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá le cur chuige trédhearcach ón gCoimisiún, lena n-áirítear dul i gcomhairliúchán leis an gComhairle maidir le reachtaíocht thánaisteach a phleanáil, a chur in ord tosaíochta agus a chur siar.

23. MEABHRAÍONN SÍ gealltanas an Choimisiúin, mar riail ghinearálta, measúnuithe tionchair a dhéanamh le haghaidh gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a meastar go mbeidh tionchair shuntasacha acu.

24. ADMHAÍONN SÍ go bhféadfadh ualaí breise nach bhfuil údar leo eascairt as cur chun feidhme sna Ballstáit, go háirithe maidir le trasuí Treoracha. ÁITÍONN SÍ go mbaineann an simpliú le ceapadh agus cur chun feidhme beartais araon, agus nár cheart ualaí breise nach bhfuil údar leo a thabhairt isteach sa phróiseas cur chun feidhme. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfoilseofar treoirlínte cur chun feidhme go tráthúil i bhfad roimh na spriocdhátaí don trasuí nó don chur i bhfeidhm.

PUBLIC